2024/1270

8.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1270 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Bealtaine 2024

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 90a(6), pointe (c), agus Airteagal 91, an chéad fhomhír, pointí (b), (f) agus (g), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá roinnt earráidí agus easnamh i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466 ón gCoimisiún ([2]) lena leagtar síos rialacha maidir le cur chun feidhme caighdeán margaíochta le haghaidh uibheacha áirithe.

(2) Sna leaganacha teanga uile de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466, in Airteagal 8 agus Airteagal 9(5), tá tagairt d'Airteagail 4, 5 agus 6 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Ós rud é go mbaineann Airteagal 4 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin le huibheacha a mharcáil agus nach bhfuil aon tagairt ann do thaifid, in Airteagal 8 agus Airteagal 9(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466, ba cheart tagairt a dhéanamh d'Airteagail 5, 6 agus 7 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(3) Sa leagan Gearmáinise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466, in Airteagal 9(1), tá tagairt in easnamh do Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 ón gCoimisiún ([3]).

(4) Sa leagan Iodáilise de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466, in Airteagal 7(8), tá tagairtí in easnamh do Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 in aithrisí 1 agus 6 agus in airteagail 2, 5, 7, 8, 9 agus 10.

(5) Sna leaganacha teanga uile de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466, in Airteagal 10(3), tá tagairt in easnamh do Chuid VI d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466 a cheartú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466 mar a leanas:

(1) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge);*

(2) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge);*

(3) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge);*

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2466 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha (IO L, 2023/2466, 8.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2466/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 ón gCoimisiún an 17 Lúnasa 2023 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin mhargaíochta le haghaidh uibheacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 589/2008 ón gCoimisiún (IO L, 2023/2465, 8.11.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2023/2465/oj).

(4) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge);*

(5) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge);*

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

Teorainneacha ama maidir le taifid a choimeád

Coimeádfar taifid agus comhaid dá dtagraítear in Airteagal 7(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 agus in Airteagail 5, 6 agus 7 den Rialachán seo ar feadh 12 mhí ar a laghad ón dáta a chruthófar iad.';

(7) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge);*

(8) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge);*

(9) in Airteagal 9, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Déanfar cigireachtaí go tráthrialta agus ní fhógrófar iad. Cuirfear na taifid dá dtagraítear in Airteagail 5, 6 agus 7 ar fáil do na seirbhísí cigireachta arna iarraidh sin den chéad uair.'

(10) *(ní bhaineann sé leis an leagan Gaeilge);*

(11) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Fióróidh an tseirbhís chigireachta a rinne an tseiceáil an ndearnadh an bhaisc dhiúltaithe chun an Rialachán seo, Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2465 nó Cuid VI d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a chomhlíonadh, nó an bhfuil sé sin á dhéanamh.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN